Cuntas Leithreasa 2019

# Vóta 28

# Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

# Réamhrá

Tá ceanglas orm i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 28 cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchadh.

De réir an riachtanais seo, réitigh mé an cuntas faoi iamh den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 maidir le tuarastail agus speansais Oifig an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus i gcomhair seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, lena n-áirítear deontais agus ranníocaíochtaí chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2019, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €15.330 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntas leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas na nithe seo a leanas:

***Sócmhainní caipitil***

Tá luach anonn na talún agus na bhfoirgneamh atá san áireamh i sócmhainní caipitil bunaithe ar luachálacha a cuireadh i gcrích in 2005 arna gcoigeartú mar seo a leanas

- tá feabhsuithe ar thalamh agus ar fhoirgnimh ó 2005 léirithe ar chostas
- tá talamh agus foirgnimh a fuarthas ó 2005 léirithe ar chostas chomh maith
- tá trí áitreabh misin san áireamh ar bhonn luachálacha a cuireadh i gcrích in 2011.

***Dímheas***

Tá dímheas déanta ar fheithiclí de réir líne dhíreach ar ráta 20% in aghaidh na bliana.

Ní dhéantar na foirgnimh a dhímheas.

***Idirbhearta airgeadra eachtraigh***

Aistrítear idirbhearta a eascraíonn in airgeadraí iasachta go Euro ag ráta malairte an mhargaidh atá i réim ag tús gach míosa. Déantar idirbhearta airgeadra eachtraigh atá tugtha chun críche ag an gceanncheathrú a thaifeadadh ag an ráta ag an dáta a glanadh an idirbheart.

***Fabhruithe, réamhíocaíochtaí, ceangaltais agus stoic ag misin thaidhleoireachta***

Ní áirítear sna figiúirí maidir le fabhruithe, réamhíocaíochtaí, ceangaltais agus stoic aon suimeanna maidir le misin thaidhleoireachta na Roinne seachas iad siúd a bhaineann le réadmhaoin ar cíos.

## Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

***Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Admhaím go bhfuil de fhreagracht orm, i m'Oifigeach Cuntasaíochta dom, a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh ar bun agus á fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas eile mar Ard-Rúnaí. Ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sa chomhaontú seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte comhlíonta agam i ndáil leis an bhfeidhm párolla agus acmhainní daonna a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid de.

- Freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí,
- Tá Coiste Iniúchta ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm a chomhlíonadh maidir leis an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.
- Tá tuairisc i scríbhinn ar na nósanna imeachta maidir le gach ceann de na príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riarachán agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairiscithe bainistíochta rialta i bhfeidhm. Áirítear ann na nithe seo a leanas ach go háirithe:

- déantar dualgais a dheighilt agus tá córas tarmligin agus cuntasachta ann
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach
- athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag bainistíocht shinsearach ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní bainistithe tionscadail foirmeálta i bhfeidhm.

***Neamh-chomhlíonadh na rialacha soláthair***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag soláthar agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne soláthair iomchuí a chinntiú. Cuireadh tríocha conradh, arbh ionann a luach agus €4,757,287 san áireamh i dtuairisceán Chiorclán 40/02 ós rud é go sáraíonn siad na tairsí tuairiscithe €25,000, agus gur bronnadh iad (inter alia) gan phróiseas iomaíoch, mar seo a leanas:

- Meastar sé chonradh déag a raibh luach €1,447,193 i gceist leo a bheith neamhiomaíoch agus neamhchomhlíontach araon. Cuireadh síneadh le cúig chonradh níos faide ná dáta an bhunchonartha gan próiseas iomaíoch, go príomha fad is atá socruithe athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm ag an Oifig um Sholáthar Rialtais (€774,742). Bhí cúig chonradh ann a bronnadh cheana ach sháraigh siad na teorainneacha ábhartha a d'fhág gurbh éigin próiseas iomaíoch a reáchtáil (€276,882). Bhí sé chonradh ann a bronnadh roimhe seo faoi phróiseas iomaíoch ach ar cuireadh síneadh leo fad is a bhí socruithe athbhreithnithe á gcur i bhfeidhm ag an Roinn (€395,569). Lorgófar tairiscintí ina leith le linn na bliana 2020.
- Meastar ceithre chonradh déag a raibh luach €3,310,094 i gceist leo a bheith neamhiomaíoch ach comhlíontach. Bhain aon cheann déag díobh le seirbhísí TEC dílsithe (€2,975,660) agus bhain trí cinn le cásanna nach raibh ach aon soláthróir feiliúnach amháin ar fáil (€334,434). Athbhreithneoidh foireann soláthair mo Roinne na conarthaí sin le linn na bliana 2020.

***Sócmhainní caipitil***

Le linn iniúchtaí le gairid, thuairiscigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar laigeacht a bheith i gclár sócmhainní seasta na Roinne.

I rith na bliana 2019, cuireadh tús le hathbhreithniú iomlán ar na cláir sócmhainní seasta a bhí fanta ag an Roinn. Tá an t-athbhreithniú sin cothrom le dáta agus cuireann leis an eolas atá taifeadta i gcláir sócmhainní seasta na Roinne agus tugtar chun réitigh iad sa chomhardú trialach. Bhí sé beartaithe an t-athbhreithniú iomlán seo a thabhairt chun críche le linn na bliana 2019 agus aon choigeartuithe a léiriú i gcuntas leithreasa 2019. Amhail an 31 Nollaig 2019 tá an t-athbhreithniú sin fós ar bun agus tá roinnt clár sócmhainní seasta a bhaineann le misin réidh lena gcoigeartú. De bharr nach bhfuil an tionscadal tugtha chun críche, shocraigh an Roinn gan aon choigeartú a dhéanamh i leith chuntas leithreasa 2019 ach coigeartú cuimsitheach a dhéanamh ar chuntas leithreasa 2020 nuair a bheith an tionscadal tugtha chun críche. Go dtí seo, tá sócmhainní atá dímheasta go hiomlán nach bhfuil á n-úsáid a thuilleadh aitheanta ag an tionscadal chomh maith le míreanna a bhí rangaithe go mícheart ina sócmhainní seasta a bheidh le baint de na cláir agus den chomhardú trialach. Tá na míreanna sin dímheasta go hiomlán, agus dá bhrí sin, ní bheidh aon tionchar acu ar ráiteas na Roinne maidir lena staid airgeadais.

Tá sócmhainní atá dímheasta go hiomlán, a raibh costas bunaidh €61.5 milliún ag baint leo, aitheanta sna sócmhainní caipitil (Nóta 2.1) nach bhfuil taifeadta i gclár na sócmhainní mar gur nialas an glanluach leabhair a bhí acu nuair a bunaíodh an clár sócmhainní reatha ar dtús. Áirítear na sócmhainní seo atá dímheasta go hiomlán san athbhreithniú leanúnach seo ar na cláir sócmhainní seasta agus d'fhéadfadh go mbeadh mar thoradh air go mbainfí iad den nóta sócmhainní caipitil nó go gcuirfí le clár sócmhainní seasta iad chun rianú a éascú amach anseo

***Iniúchadh inmheánach agus An Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna bliantúla na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá próiseas foirmeálta i bhfeidhm chun go leantar suas moltaí a chur i gcrích ó thuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an Roinn agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádáil déanta orthu de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar a laghad ceithre huaire in aghaidh na bliana. Baintear leas as na hathbhreithnithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal iarmharta inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh ar bhaill foirne sonracha. Déanann an tAonad Iniúchta agus Meastóireachta athbhreithnithe tréimhsiúla chomh maith ar chóras bainistithe riosca na Roinne mar chuid dá phlean ilbhliantúil iniúchta inmheánaigh.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Déantar easpaí rialaithe a chur in iúl in am trátha dóibh sin atá freagrach as bearta ceartaitheacha a ghlacadh agus don bhainistíocht agus do Bhord Bainistíochta. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialála airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as creat rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil.

***Saincheisteanna rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Níor aithníodh aon laigí i rialuithe airgeadais inmheánaigh sna ráitis airgeadais maidir le 2019 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu nó a bhféadfadh caillteanas ábhartha a bheith mar thoradh orthu.

**Niall Burgess**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

7 Meán Fómhair 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Gnóthaí Eachtracha agus Trádála agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair*

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha neamhchomhlíonta le rialacha soláthair náisiúnta maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2019.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

9 Meán Fómhair 2020

## Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

## Cuntas Leithreasa 2019

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Chun freastal ar mhuintir na hÉireann sa bhaile agus thar lear agus chun athmhuintearas agus comhoibriú a chur chun cinn ("Ár nDaoine") | | 83,155 | 78,039 | 77,998 |
| B | Luachanna agus leasanna na hÉireann san Eoraip a chosaint agus a chur chun cinn ("Ár nÁit san Eoraip") | | 30,163 | 29,360 | 26,556 |
| C | Oibriú i dtreo domhan atá níos cothroime agus níos inmharthana ("Ár Luachanna") | | | | |
| | *Bunaidh* | 52,636 | | | |
| | *Forlíontach* | 12,000 | | | |
| | | | 64,636 | 61,782 | 42,515 |
| D | Leasanna eacnamaíochta na hÉireann a chur chun cinn go hidirnáisiúnta ("Ár Rathúnas") | | 39,853 | 41,476 | 32,657 |
| E | Ar gcumas chun ár spriocanna a sheachadadh a neartú ("Ár dTionchar") | | | | |
| | *Bunaidh* | 51,644 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,000 | | | |
| | | | 53,644 | 55,727 | 48,340 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 257,451 | | | |
| | *Forlíontach* | 14,000 | | | |
| | | | **271,451** | **266,384** | **228,066** |
| | *Lúide* | | | | |
| F | **Leithreasaí i gCabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 44,952 | | | |
| | *Forlíontach* | 13,999 | | | |
| | | | **58,951** | **69,213** | **65,685** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 212,499 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **212,500** | **197,171** | **162,381** |

**Barrachas**

Tá an barrachas ar an méid a soláthraíodh ar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Barrachas le géilleadh** | **15,329,537** | **30,517,006** |

**Niall Burgess**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

30 Márta 2020

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas maidir le Costas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas cláir | | 75,333 | 51,956 |
| Pá | | 101,952 | 91,420 |
| Neamhphá | | 89,099 | 84,690 |
| **Ollchaiteachas** | | **266,384** | **228,066** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gCabhair** | | **69,213** | **65,685** |
| **Glanchaiteachas** | | **197,171** | **162,381** |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (3,673) | | |
| Diúscairtí – airgead tirim | 42 | | |
| Brabach ar dhiúscairtí | (17) | | |
| Dímheas | 3,626 | (22) | (5,014) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 56 | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí deiridh | (4,894) | | |
| Méadú ar stoc | (1,446) | (6,284) | 6,075 |
| **Caiteachas díreach** | | **190,865** | **163,442** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 24,322 | 21,105 |
| Measchíosanna | | 2,953 | 2,851 |
| **Glanchostas cláir** | | **218,140** | **187,398** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 28 a iompraíodh in áit éigin eile, glan ar chostais seirbhísí a soláthraíodh do Vótaí eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 60 | 60 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 17,014 | 15,366 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 6,787 | 5,227 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 144 | 121 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 309 | 213 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | | 372 | 371 |
| Costais na seirbhísí comhroinnte a cuireadh ar fáil do Vótaí eile | | (364) | (253) |
| | | **24,322** | **21,105** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais an 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 168,527 | 168,505 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 1,306 | (4,649) |
| Stoic | 2.3 | 9,884 | 8,438 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 10,803 | 5,909 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 7,580 | 5,387 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.7 | (5,918) | 2,571 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 23,655 | 17,656 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 2,310 | 2,254 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.6 | 2,968 | 3,309 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 5,278 | 5,563 |
| **Glansócmhainní reatha** | | 18,377 | 12,093 |
| **Glansócmhainní** | | **186,904** | **180,598** |
| **Arna Léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas an mhaoinithe Stáit** | 2.8 | **186,904** | **180,598** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Mótarfheithiclí | Troscán agus feistis | Trealamh Oifige | Sócmhainní arna bhforbairt [b] | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní [a]** | | | | | | |
| Costas nó Luacháil 1 Eanáir 2019 | 159,293 | 2,922 | 45,434 | 76,890 | 1,492 | 286,031 |
| Aistrithe | — | — | — | 743 | (743) | — |
| Suimeanna Breise | — | 393 | 242 | 1,845 | 1,193 | 3,673 |
| Diúscairtí | — | (343) | — | — | — | (343) |
| Costas nó Luacháil 31 Nollaig 2019 | 159,293 | 2,972 | 45,676 | 79,478 | 1,942 | 289,361 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2019 [a] | — | 2,150 | 44,782 | 70,594 | — | 117,526 |
| Dímheas don bhliain | — | 414 | 188 | 3,024 | — | 3,626 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (318) | — | — | — | (318) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2019 | — | 2,246 | 44,970 | 73,618 | — | 120,834 |
| **Glansócmhainní amhail 31 Nollaig 2019** | **159,293** | **726** | **706** | **5,860** | **1,942** | **168,527** |
| Glansócmhainní amhail 31 Nollaig 2018 | 159,293 | 772 | 652 | 6,296 | 1,492 | 168,505 |

Nóta [a] Áirítear sna sócmhainní caipitil sócmhainní a bhfuil dímheas iomlán déanta orthu a bhfuil costas stairiúil €61.476 milliún leo nach bhfuil san áireamh ar an gclár sócmhainní seasta mar gheall nach raibh aon luach leabhair acu nuair a bunaíodh an clár sócmhainní seasta. Tá dímheas iomlán déanta ar na sócmhainní sin agus tá siad san áireamh sa bhfigiúr dímheas carntha. Tá tionscadal ar siúl faoi láthair d’fhonn an liostú sócmhainní stairiúla seo a mheas agus sócmhainní atá fós in úsáid a chur san áireamh sa chlár sócmhainní seasta. Déanfar aon choigeartú ar shócmhainní caipitil a chur in iúl i gcuntas leithreasa 2020.

[b] Áirítear sna sócmhainní atá á bhforbairt sócmhainní a bhaineann le Clár Leasaithe na Seirbhíse Pasanna atá ar siúl faoi láthair. Léirítear leis na sócmhainní sin tionscadail nach raibh tugtha chun críche amhail an 31 Nollaig 2019.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | (10,510) | (13,153) |
| Cuntais bhainc tráchtála | 2,762 | 1,205 |
| Iarmhéideanna bainc agus airgid thirim an mhisin | 9,054 | 7,299 |
| | **1,306** | **(4,649)** |

## 2.3 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Leabhair phas agus cártaí pas | 9,280 | 8,250 |
| Stoic phrótacail | 53 | 55 |
| Stáiseanóireacht | 512 | 73 |
| Postas réamhíoctha | 4 | 5 |
| Tomhaltáin TF | 35 | 55 |
| | **9,884** | **8,438** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Cíosanna misin | 2,036 | 1,309 |
| Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 7,559 | 2,946 |
| Réamhíocaíochtaí eile | 1,208 | 1,654 |
| | **10,803** | **5,909** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Cuntais roinne & gníomhaireachta | 5,602 | 3,674 |
| Cuntais óinchiste & agus fionraí pearsanta | 1,070 | 1,023 |
| Cuntais airleacan tuarastail | 13 | 11 |
| Ilghnéitheach [a] | 895 | 679 |
| | **7,580** | **5,387** |

Nóta [a] Áirítear ar na ilfhéichiúnaithe cuntais rialaithe pá rolla €658,977; féichiúnaithe consail oinigh €222,004; agus iarmhéideanna eile €14,415.

## 2.6 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 1,049 | 905 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 726 | 596 |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | 219 | 199 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 8 | 7 |
| Cáin bhreisluacha | 57 | 84 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 82 | 70 |
| | 2,141 | 1,861 |
| Ilchreidiúnaithe [a] | 827 | 1,448 |
| | **2,968** | **3,309** |

Nóta [a] Áirítear ar ilchreidiúnaithe suim €628,000 atá dlite do chreidiúnaithe tríú páirtí agus cuntais ar fionraí €199,000.

## 2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 15,329 | 30,517 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (9,411) | (33,088) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | 5,918 | (2,571) |
| **Arna Léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,306 | (4,649) |
| Iarmhéideanna dochair eile | 7,580 | 5,387 |
| | 8,886 | 738 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (2,141) | (1,861) |
| Iarmhéideanna dochair eile | (827) | (1,448) |
| | (2,968) | (3,309) |
| | **5,918** | **(2,571)** |

## 2.8 Cuntas an mhaoinithe stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 180,598 | 181,659 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar measta | Cuntas | 212,500 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (15,329) | | |
| Glanvóta | | | 197,171 | 162,381 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 24,322 | 21,105 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 2,953 | 2,851 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (218,140) | (187,398) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **186,904** | **180,598** |

## 2.9 Ceangaltais

Áirítear sna ceangaltais na suimeanna sin a bhféadfadh an Roinn a bheith freagrach astu de réir dlí i 2020 agus sna blianta ina dhiaidh sin faoi chonarthaí forfheidhmiúcháin ceangailteacha agus baineann siad le híocaíochtaí cíosa ar mhaoin thar lear agus le ceangaltais trealamh a cheannach.

| amhail an 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Mar seo a leanas a dhéantar anailís ar an an tsuim: | | |
| Trealamh agus costais riaracháin eile | 150 | 683 |
| Ceangaltais Léasa [a] | 91,937 | 55,710 |
| **Ceangaltais iomlána** | **92,087** | **56,393** |

Nóta [a] Déantar ceangaltais léasa i ndáil le maoin a fhritháireamh le réamhíocaíochtaí. B'ionann cíosanna réamhíoctha agus €2.036 milliún (2018: €1.309 milliún) a chuirtear san áireamh sa bhfigiúr réamhíocaíochtaí €10.803 milliún (Nóta 2.4).

Léirítear sna ceangaltais léasa amhail an 31 Nollaig 2019 iomlán na gceangaltas amach seo faoi chomhaontuithe léasa atá ceangailteach de réir dlí.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionnroinnt ar na cláir, chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 100,723 | 101,952 | 91,420 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 6,844 | 7,784 | 7,123 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 3,748 | 5,550 | 5,222 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 5,786 | 7,274 | 5,938 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 28,328 | 21,932 | 25,995 |
| vi | Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige | 37,319 | 35,149 | 30,051 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartas | 100 | 58 | 53 |
| viii | Tacaíocht promóisin agus cóiríocht | 10,297 | 11,352 | 10,309 |
| | | **193,145** | **191,051** | **176,111** |

### Athrúcháin shuntasacha

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**i Tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar measta: €100.723 milliún, toradh: €101.952 milliún*

Ba mar thoradh ar thuilleadh foirne a bheith le sannadh ar mhol custaiméirí sheirbhís na bpasanna chun aghaidh a thabhairt ar an méadú ollmhór a bhí ar fhiosruithe ó chustaiméirí, mar gheall ar méadú a bheith ar iarratais ar phasanna, a raibh méadú €1.229 milliún ar an gcaiteachas ar thuarastail, pá agus liúntais den chuid is mó.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar measta: €3.748 milliún, toradh: €5.55 milliún*

Ba mar thoradh ar réimse de chaiteachas breise i rith na bliana lena n-áirítear níos mó oiliúna agus forbartha á ndéanamh ar an bhfoireann, siamsaíocht stáit/oifigiúil de bharr líon níos mó cuairteanna Uachtaránachta agus Stáit, costais oibríochta misin níos mó, socraíochtaí dlí (féach ar nóta 6.1) agus caillteanais i ndáil le hathluacháil ar airgeadra eachtrach a raibh méadú €1.802 milliún ar chaiteachas den chuid is mó.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar measta: €5.786 milliún, toradh: €7.274 milliún*

Ba mar thoradh ar mhéadú ollmhór a bheith ar na costais phostála a bhain leis an méadú ollmhór a bhí ar líon na n-iarratas ar phasanna a raibh caiteachas breise €1.488 milliún i gceist.

## Clár A Ár nDaoine

| | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán - pá | 26,585 | 26,909 | 24,161 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 36,497 | 33,866 | 38,069 |
| A.3 | Coimisiún Fulbright | 404 | 404 | 434 |
| A.4 | Cúnamh éigeandála consalachta | 79 | 9 | 13 |
| A.5 | Tacaíocht do sheirbhísí eisimirceach Éireannach | 12,595 | 12,360 | 11,772 |
| A.6 | Comhoibriú Thuaidh/Theas agus Angla-Éireannach | 3,745 | 3,729 | 3,097 |
| A.7 | Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn | 2,650 | 150 | 150 |
| A.8 | Gnóthaí diaspóra | 600 | 612 | 302 |
| | | **83,155** | **78,039** | **77,998** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd bhí an caiteachas a bhain le Clár A €5.116 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Tá míniú tugtha cheana féin ar an athrúchán €2.307 milliún i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo a leanas den chuid is mó a tharla athrú ar an iarmhéid:

**A.7 Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn**

*Soláthar measta: €2.65 milliún, toradh: €150,000*

Ba mar gheall nach raibh gá leis an deontas do chlár caiteachais 2019 a scaipeadh, mar gheall ar thimpeallacht feidhmíochta an Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn a raibh laghdú €2.5 milliún ar chaiteachas.

## Clár B Ár nÁit san Eoraip

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | 23,146 | 23,428 | 21,006 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 5,634 | 4,608 | 4,154 |
| B.3 | Gníomhartha mar thoradh ar Theideal V de Chonradh an Aontais Eorpaigh | 418 | 420 | 522 |
| B.4 | Rannpháirtíocht AE | 965 | 904 | 874 |
| | | **30,163** | **29,360** | **26,556** |

## Clár C Ár Luachanna

| | | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán - pá | | 12,502 | 12,655 | 11,381 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | | 5,331 | 4,360 | 4,458 |
| C.3 | Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | | | | |
| | *Bunaidh* | 34,803 | | | |
| | *Forlíontach* | 12,000 | | | |
| | | | 46,803 | 44,767 | 26,676 |
| | | | **64,636** | **61,782** | **42,515** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €9.146 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí caiteachas riaracháin €818,000 níos lú ná mar a soláthraíodh agus tá sin mínithe cheana féin. Ba mar gheall ar na nithe seo a leanas a bhí an iarmhéid:

**C.3 Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta**

*Meastachán bunaidh: €34.803 milliún, toradh: €44.767 milliún*

Ba mar thoradh ar ranníocaíochtaí éigeantacha níos mó ná mar a rabhthas ag súil leis le heagraíochtaí idirnáisiúnta, na NA go príomha, a raibh méadú €9.964 milliún ann. Léiríonn sin cinntí Chomhthionól Ginearálta na NA gnáthbhuiséad na NA a aontaíodh roimhe seo do 2019 a mhéadú agus, í mí Iúil 2019, socraíodh sonrasc a chur ar aghaidh ar bhuiséid iomlána 2019/2020 maidir le roinnt misean coimeádta síochána. Deonaíodh an soláthar measta chun an costas níos mó a chlúdach.

## Clár D Ár Rathúnas

| | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastа | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán - pá | 20,499 | 20,749 | 18,554 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | 11,809 | 12,579 | 6,852 |
| D.3 | Éire a Chur Chun Cinn | 4,316 | 4,869 | 3,995 |
| D.4 | Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta | 3,229 | 3,279 | 3,256 |
| | | **39,853** | **41,476** | **32,657** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár D €1.623 milliún níos airde ná mar a measadh ar dtús. Tá míniú tugtha cheana fáin ar an athrúchán €1.02 milliún i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla athrú ar an iarmhéid:

**D.3 Éire a Chur Chun Cinn**

*Soláthar measta: €4.316 milliún, toradh: €4.869 milliún*

Mar chuid de fhreagra agus ullmhúcháin Breatimeachta na Roinne, tugadh faoi ghníomhaíochtaí bhreise chun Éire a chur chun cinn ar fud an líonra misin agus bhí róchaiteachas €553,000 mar thoradh air sin.

## Clár E Ár dTionchar

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Riarachán - pá | | 17,991 | 18,211 | 16,318 |
| E.2 | Riarachán - neamhphá | | 33,151 | 33,685 | 31,158 |
| E.3 | Seirbhísí eolais | | | | |
| | *Bunaidh* | 502 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,000 | | | |
| | | | 2,502 | 3,831 | 864 |
| | | | **53,644** | **55,727** | **48,340** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh athrúcháin shuntasacha i gceist i gcaiteachas cláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár E €4.083 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús. Tá míniú tugtha cheana fáin ar an athrúchán €754,000 i gcaiteachas riaracháin. Is mar gheall ar na nithe seo den chuid is mó a tharla athrú ar an iarmhéid:

**E.3 Seirbhísí eolais**

*Soláthar measta: €502,000, toradh: €3.831 milliún*

Ba mar thoradh ar fheachtais eolais phoiblí bhreise maidir le feasacht ar an mBreatimeacht agus ullmhacht don Bhreatimeacht, chomh maith leis an bpróiseas, le hiarratas a dhéanamh ar phas ar líne, a chur chun cinn a raibh róchaiteachas €3.329 milliún ann. Deonaíodh an soláthar measta forlíontach chun an costas níos mó a chlúdach.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Meastacháin | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile | | | | |
| | *Bunaidh* | 41,020 | | | |
| | *Forlíontach* | 13,999 | | | |
| | | | 55,019 | 65,295 | 61,699 |
| 2 | Aisíocaíochtaí ar airleacain aisdúichithe agus chothabhála | | 30 | — | — |
| 3 | Aisíocaíochtaí CBL le misin taidhleoireachta | | 750 | 936 | 834 |
| 4 | Earraí Ilghnéitheacha | | 500 | 638 | 619 |
| 5 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí [a] | | 2,652 | 2,344 | 2,533 |
| | **Iomlán** | | **58,951** | **69,213** | **65,685** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsean. Cuireadh rannaíocaíochtaí aoisliúntais breise ina n-ionad sin ó Eanáir 2019.

**Athrúcháin shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €24.261 milliún níos mó ná an meastachán. Tá mínithe ar na hathruithe leagtha amach thíos:

**1 Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile**

*Measta: €41.02 milliún, réadaithe: €65.295 milliún*

Bhí ioncam chun cinn €24.275 milliún mar gheall ar an méadú ollmhór leanúnach ar iarratais pasanna. De bharr go bhfuil an tseirbhís pasanna bunaithe ar éileamh, is deacair a thuar go cinnte an leibhéal iarratas nó an meascán iarratas a gheofar i mbliain ar bith.

**3 Aisíocaíochtaí CBL le misin taidhleoireachta**

*Measta: €750,000, réadaithe: €936,000*

Ba mar thoradh ar an CBL a rabhthas ag súil leis agus aisíocaíochtaí ar cháin díolachán ó rialtais iasachta chuig misin thar lear a bheith níos airde ná mar a rabhthas ag súil leis a raibh ioncam chun cinn €186,000.

**4 Earraí Ilghnéitheacha**

*Measta: €500,000, réadaithe: €638,000*

Bhí ioncam €138,000 chun cinn. Baineann seo le réimse fáltas leis an Roinn, lena n-áirítear aisíocaíocht éarlaisí urrúis ar mhaoine ar cíos, aisíocaíocht ar ró-íocaíochtaí párolla, aisíocaíochtaí ó ranna/oifigí Rialtais agus míreanna ilghnéitheacha eile. Tá sé deacair leibhéal na bhfáltas sin in aon bhliain amháin a thomhas le cinnteacht.

**5 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Measta: €2.652 milliún, réadaithe: €2.344 milliún*

Ba mar thoradh ar fháltais a bheith níos lú ná mar a rabhthas ag súil leis mar gheall ar athruithe ar na rátaí asbhainte a raibh easnamh €308,000 ann.

# Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

## 5.1 An líon fostaithe

| Coibhéis lánaimseartha | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 1,745 | 1,546 |

## 5.2 Pá

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 91,557 | 82,434 |
| Iomarcaíocht agus scaoilíocaíocht | 95 | 52 |
| Liúntais i ndáil le dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 119 | 149 |
| Liúntais eile | 146 | 182 |
| Ragobair | 962 | 1,003 |
| ÁSPC an fhostóra | 5,370 | 4,510 |
| Leas sóisialta/árachas sláinte eachtrach (misin) | 3,703 | 3,090 |
| **Pá iomlán** | **101,952** | **91,420** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 28 | 2 | 20,613 | 23,318 |
| Liúntais eile | 123 | — | 9,375 | 10,181 |
| Ragobair | 405 | 19 | 39,055 | 31,870 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 63 | 27 | 41,318 | 34,236 |

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Íocadh íocaíochtaí arbh fhiú €7,452 (2018: €7,421) iad le triúr (2018: beirt) státseirbhíseach a bhí ar scor agus ar coinníodh a gcuid seirbhísí ar shaintascanna.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 77 | 188,299 | 255,567 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 27 | 101,004 | 120,736 |

## 5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

Íocadh scaoilíocaíochtaí arbh fhiú €28,870 (2018: nialas) iad le beirt (2018: nialas) a bhí fostaithe go háitiúil ag ambasáidí thar lear.

Íocadh scaoilíocaíochtaí arbh fhiú €66,311 (2018: €51,890) iad le hiar-bhall foirne aireachta (2018:beirt). Níor deonaíodh aon luathíocaíocht pinsin, blianta breise eile de sheirbhís mheas, ná aon fheabhas eile ar na téarmaí pinsin fabhraithe.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Costais chúitimh agus dlí

Déantar na costais dlí a íocadh i rith na bliana a chatagóiriú mar seo a leanas:

| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an Roinn | Costais dlí a bronnadh | Cúiteamh a bronnadh | 2019 Iomlán | 2018 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Éilimh arna ndéanamh ag fostaithe na Roinne | 2 | 130 | — | 169 | 299 | 69 |
| Éilimh a rinne baill an phobail | 6 | 34 | — | 17 | 51 | 32 |
| | | **164** | **—** | **186** | **350** | **101** |

## 6.2 Coigeartú stairiúil agus díscríobh

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéideanna chuntais ar fionraí | — | 8,912 |
| Méideanna dlite ó chonsail oinigh | — | 36,959 |
| | **—** | **45,871** |

## Aguisín A Cuntais Chomhlachtaí agus Chistí faoi choimirce na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Is liosta atá sa tábla seo a leanas de na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus a bhfuil dualgas ar an Roinn na ráitis airgeadais a chur i láthair. Léiríonn sé, amhail dheireadh mhí an Mhárta 2020, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus an dáta ar cuireadh i láthair an Oireachtais iad.

| **Comhlacht / ciste roinne** | **Tréimhse deiridh cuntasaíocht a** | **Dáta na tuairisce iniúchta** | **Dáta a fuair an Roinn í** | **Dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í** |
|---|---|---|---|---|
| Coimisiún na hÉireann-na Stát Aontaithe um Malartú Oideachasúil (Coimisiún Fulbright) [a] | 1 D. Fómh. 2018 - 30 M. Fómh. 2019 | 27 Feabhra 2020 | 28 Feabhra 2020 | 11 Márta 2020 |

Nóta [a] Cuireann an Roinn deontas bliantúil ar fáil do Choimisiún Fulbright, atá maoinithe i gcomhar le chéile ag Rialtais na hÉireann agus na Stát Aontaithe agus tacaítear le staidéar, taighde, múineadh agus gníomhaíochtaí oideachais eile idir Éirinn agus na Stáit Aontaithe. Faigheann an Coimisiún maoiniú bliantúil ón Roinn agus maoiniú breise ó fhoinsí eile.